2025/864

6.5.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/864 ÓN gCOIMISIÚN

an 30 Aibreán 2025

lena n-oibrítear asbhaint ó chuóta iascaireachta le haghaidh bradáin Atlantacha arna chionroinnt ar an bhFionlainn in 2025 de dheasca na ró-iascaireachta in 2024

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009 lena mbunaítear córas rialaithe de chuid an Aontais chun comhlíonadh rialacha an Chomhbheartais Iascaigh a áirithiú, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 847/96, (CE) Uimh. 2371/2002, (CE) Uimh. 811/2004, (CE) Uimh. 768/2005, (CE) Uimh. 2115/2005, (CE) Uimh. 2166/2005, (CE) Uimh. 388/2006, (CE) Uimh. 509/2007, (CE) Uimh. 676/2007, (CE) Uimh. 1098/2007, (CE) Uimh. 1300/2008, (CE) Uimh. 1342/2008 agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 2847/93, (CE) Uimh. 1627/94 agus (CE) Uimh. 1966/2006 ([1]), agus go háirithe Airteagal 105(1) agus (2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. Rialacháin ón gComhairle lena gcionroinntear cuótaí iascaireachta ar an bhFionlainn le haghaidh na mblianta 2023, 2024 agus 2025 faoi seach

(1) Le haghaidh na bliana iascaireachta 2024, cionroinneadh ar an bhFionlainn le Rialachán (AE) 2023/2638 ón gComhairle ([2]) cuóta iascaireachta 13 945 aonán de bhradáin Atlantacha (*salmo salar*) in uiscí an Aontais i bhforanna 22 go 31 CITM (SAL/3BCD-F) ('bradáin sa phríomh-imchuach').

(2) I gcomhréir le Tábla 8, fonóta 2, an chéad mhír, den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/2638, bhain na cuótaí iascaireachta le haghaidh bradáin sa phríomh-imchuach go heisiach le foghabhálacha agus níor ceadaíodh aon iascach dírithe. Bhí dhá mhaolú ar an riail sin.

(3) Rinneadh foráil maidir leis an gcéad mhaolú sa Tábla 8 sin, leis an dara mír den fhonóta 2 céanna sin, ar dá réir a d'fhéadfaí oibríochtaí iascaireachta ar chun críche imscrúduithe eolaíocha iad, agus chun na críche sin amháin, a dhíriú ar bhradáin sa phríomh-imchuach, ar choinníoll go ndearnadh na himscrúduithe sin i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 25 de Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]).

(4) Rinneadh foráil maidir leis an dara maolú sa Tábla 8 sin, leis an tríú mír den fhonóta 2 céanna sin, ar dá réir a ceadaíodh iascaireacht dhírithe do shoithí iascaireachta de chuid an Aontais i bhforoinn 31 CITM i limistéir laistigh de cheithre mhuirmhíle arna dtomhas ó na bonnlínte le linn na tréimhse ón 1 Bealtaine go dtí an 31 Lúnasa 2024.

(5) Le hAirteagal 10(1) de Rialachán (AE) 2023/2638, cuireadh toirmeasc ar iascaireacht áineasa bradán sa phríomh-imchuach i bhforanna 22 go 31 CITM. Bhí dhá mhaolú ar an riail sin freisin.

(6) Rinneadh foráil maidir leis an gcéad mhaolú le hAirteagal 10(2) lenar ceadaíodh iascaigh áineasa i ndáil le bradán amháin a bhfuil a eite shaille gearrtha in aghaidh an iascaire áineasa in aghaidh an lae faoi choinníollacha áirithe.

([1]) IO L 343, 22.12.2009, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/1224/oj.

([2]) Rialachán (AE) 2023/2638 ón gComhairle an 20 Samhain 2023 lena socraítear le haghaidh 2024 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc is infheidhme i Muir Bhailt agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/194 a mhéid a bhaineann le deiseanna iascaireachta áirithe in uiscí eile (IO L 2023/2638, 22.11.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2638/oj).

([3]) Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le hacmhainní iascaigh a chaomhnú agus éiceachórais mhuirí a chosaint trí bhearta teicniúla, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1967/2006 agus (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus Rialacháin (AE) Uimh. 1380/2013, (AE) 2016/1139, (AE) 2018/973, (AE) 2019/472 agus (AE) 2019/1022 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 894/97, (CE) Uimh. 850/98, (CE) Uimh. 2549/2000, (CE) Uimh. 254/2002, (CE) Uimh. 812/2004 agus (CE) Uimh. 2187/2005 ón gComhairle, (IO L 198, 25.7.2019, lch. 105, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1241/oj).

(7) Rinneadh foráil maidir leis an dara maolú le hAirteagal 10(3) lenar ceadaíodh iascaigh áineasa i bhforoinn 31 CITM i limistéir laistigh de cheithre mhuirmhíle arna dtomhas ó na bonnlínte le linn na tréimhse ón 1 Bealtaine go dtí an 31 Lúnasa 2024.

(8) Maidir leis an mbliain iascaireachta 2023, is é Rialachán (AE) 2022/2090 ón gComhairle ([4]) lena ndearnadh foráil, i measc nithe eile, maidir le deiseanna iascaireachta le haghaidh bradáin sa phríomh-imchuach. Murab ionann agus an bhliain iascaireachta 2024, sa bhliain iascaireachta 2023 foráladh i dTábla 8, fonóta 2, an tríú mír, den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán sin gur ceadaíodh do shoithí iascaireachta de chuid an Aontais iascaireacht dhírithe a dhéanamh ar chuótaí le haghaidh bradáin sa phríomh-imchuach ó thuaidh go domhanleithead 59° 30' T (is é sin i bhforanna 29 Thuaidh, 30 agus 31 CITM) i limistéir laistigh de cheithre mhuirmhíle arna dtomhas ó na bonnlínte le linn na tréimhse ón 1 Bealtaine go dtí an 31 Lúnasa 2023.

(9) Le haghaidh 2023 thuairiscigh an Fhionlainn 4 394 aonán de bhradáin a gabhadh i bhforanna 29 Thuaidh agus 30 CITM don Choimisiún.

(10) Le haghaidh na bliana iascaireachta 2025, déantar cuóta iascaireachta 8 989 n-aonán de bhradáin sa phríomh-imchuach a chionroinnt ar an bhFionlainn le Rialachán (AE) 2024/2903 ón gComhairle ([5]).

2. Malartuithe leis an bhFionlainn agus measúnú ón gCoiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach

2.1. *Faisnéis ón bhFionlainn*

(11) An 26 Feabhra 2024 chuir an Fhionlainn an Coimisiún ar an eolas faoi thaighde atá beartaithe le haghaidh oibríochtaí iascaireachta ar bhradáin atá le déanamh chun críche imscrúdaithe eolaíoch i bhforanna 29 Thuaidh agus 30 CITM. Rinneadh foráil sa taighde maidir le rannpháirtíocht 45 shoitheach tráchtála faoi bhratach na Fionlainne agus maidir le líon neamhshainithe iascairí áineasa a dhéanfadh samplaí scála a thomhas agus a thógáil ó gach bradán fiáin arna ghabháil. Chuirfí an taighde chun feidhme in uiscí na Fionlainne laistigh de cheithre mhuirmhíle arna dtomhas ó na bonnlínte ón 27 Bealtaine go dtí an 31 Lúnasa 2024. Bhí coinne ag an bhFionlainn le gabhálacha thart ar 4 300 aonán de bhradáin.

(12) Ós rud é go mbeadh níos mó ná sé shoitheach tráchtála i gceist leis an taighde, i gcomhréir le hAirteagal 25(1)(e) de Rialachán (AE) 2019/1241, d'iarr an Coimisiún comhairle ar an gCoiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach (CETEI) chun a dheimhniú go raibh údar leis an leibhéal rannpháirtíochta sin ar fhorais eolaíocha.

2.2. *An 75ú cruinniú iomlánach de CETEI i mí an Mhárta 2024*

(13) Sa 75ú cruinniú iomlánach a bhí aige ón 11 go dtí an 15 Márta 2024 ([6]), luaigh STECF ina chonclúidí nach raibh cuspóir agus breisluach an iascaigh eolaíoch a bhí beartaithe soiléir agus nach raibh údar leis an leibhéal rannpháirtíochta sa taighde mar a bhí beartaithe ar dtús ar na forais eolaíocha seo a leanas.

(14) Ar an gcéad dul síos, thug CETEI dá aire go bhfuil 'an líon soithí agus an leibhéal réamh-mheasta iarrachta iascaireachta beagnach coibhéiseach leis na leibhéil san iascach tráchtála sna blianta roimhe sin. Tar éis meastóireachtaí a rinneadh roimhe seo ar iarrataí ar iascach eolaíoch, meabhraíonn CETEI nár cheart é a bheith d'aidhm ag iascach eolaíoch an t-iascach iomlán a ionsamhlú ach sampla ionadaíoch den phobal éisc a bhailiú a oireann do chuspóir na dtrialacha eolaíocha'.

([4]) Rialachán (AE) 2022/2090 ón gComhairle an 27 Deireadh Fómhair 2022 lena socraítear le haghaidh 2023 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc is infheidhme i Muir Bhailt agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2022/109 a mhéid a bhaineann le deiseanna iascaireachta áirithe in uiscí eile (IO L 281, 31.10.2022, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2022/2090/oj).

([5]) Rialachán (AE) 2024/2903 ón gComhairle an 18 Samhain 2024 lena socraítear le haghaidh 2025 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc is infheidhme i Muir Bhailt agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2024/257 a mhéid a bhaineann le deiseanna iascaireachta áirithe in uiscí eile (IO L, 2024/2903, 19.11.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2903/oj).

([6]) An Coiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach (CETEI) – an 75ú Tuarascáil Iomlánach (STECF-PLEN-2024-01), Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2024, lgh. 101-105.

(15) Ar an dara dul síos, thug CETEI dá aire ‘nach gá an limistéar iomlán ná an séasúr iascaireachta iomlán a chumhdach agus molann sé go bhféadfaí an t-eolas atá ann cheana maidir le dáileadh spásúil agus ama bradán ó Abhainn an Ljungan ar muir a úsáid chun an iarracht samplála a shainiú’.

(16) Ar an tríú dul síos, thug CETEI dá aire ‘gur dócha go mbeidh breisluach na sonraí a eascraíonn as an suirbhé eolaíoch teoranta’.

(17) Ar an gceathrú dul síos, cé ‘go n-éilítear sampláil ar mórscála chun an cion bradán ó Abhainn an Ljungan a mheas’, thug CETEI dá aire ’fiú dá ngabhfaí líon beag bradán ón bpobal sin’ go bhféadfadh ’tionchar mór a bheith aige sin ar an stoc’.

(18) Ar an gcúigiú dul síos, thug CETEI dá aire ‘go bhfágfadh éagsúlachtaí ó bhliain go bliain, éagsúlachtaí le linn bliana agus éagsúlachtaí spásúla i gcomhdhéanamh na stoc measctha (...) nach bhféadfaí teacht ar chonclúidí ginearálta leis an tsampláil atá beartaithe.’

(19) Ar an séú dul síos, thug CETEI dá aire ‘i gcomhthéacs iascaigh eolaíoch, go bhféadfadh scaoileadh saor bradán fiáin a bheith ina rogha chun na torthaí eolaíocha céanna a bhaint amach agus an riosca go mbeadh tionchair dhíobhálacha ar an bpobal ídithe á theorannú an tráth céanna’. Tá údar leis sin ‘ós rud é gur léiríodh go bhfuil inmharthanacht bradán ó eangacha gaiste os cionn 70 %’.

(20) I bhfianaise na mbreithnithe thuas, tháinig CETEI ar an gconclúid go raibh cuspóir an iascaigh eolaíoch a bhí beartaithe doiléir, mar aon lena bhreisluach, sa mhéid nach raibh údar leis an líon soithí ar fhorais eolaíocha. Mhol sé freisin machnamh a dhéanamh ar na bradáin fiáine a scaoileadh saor chun an tionchar a d’fhéadfadh a bheith ag an gclár samplála a laghdú. Ar deireadh, luaigh STECF na breithnithe seo a leanas sa chás hipitéiseach go raibh údar leis an iascach eolaíoch ar fhorais eolaíocha: ‘Má cheadaítear iascach den sórt sin, a luaithe a bheidh an cuspóir sonraithe go soiléir, molann STECF go bhféadfadh údaráis na Fionlainne líon na mbradán atá le gabháil agus líon na soithí a chinneadh trí úsáid a bhaint as eolas atá ann cheana maidir le dáileadh spásúil agus ama bradán. Is é conclúid STECF, dá gceadófaí iascach eolaíoch, gurbh fhiú na bearta a cuireadh i bhfeidhm a shonrú chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh iascairí tráchtála an prótacal eolaíoch’.

2.3. *Malartuithe leis an bhFionlainn tar éis an 75ú cruinniú iomlánach de CETEI i mí an Mhárta 2024*

(21) An 30 Aibreán 2024 chuir an Fhionlainn in iúl don Choimisiún gur leasaigh sí coinníollacha an taighde. Leis an taighde leasaithe, eisiadh iascaigh áineasa agus laghdaíodh an líon soithí tráchtála rannpháirteacha faoi bhratach na Fionlainne ó 45 go 32 (ar soithí tráchtála iad uile atá faoi bhratach na Fionlainne agus a ghabh 64 bhradán go leithleach ar a laghad in 2022 nó 2023). De réir na Fionlainne, thart ar 50 % de na soithí tráchtála faoi bhratach na Fionlainne a rinne iascaireacht ar bhradáin sa phríomh-imchuach in 2022 nó 2023 a bhí sa mhéid sin, agus 3 650 aonán a bhí sa ghabháil iomlán mheasta. Mhaígh an Fhionlainn go raibh gá le 32 shoitheach tráchtála chun sampla ionadaíoch de phobail bradán sa phríomh-imchuach a fháil. Mhaígh an Fhionlainn freisin nach rogha mhalartach mhaith é gabhálacha bradán sa phríomh-imchuach a scaoileadh saor ós rud é, i measc nithe eile, go bhfuil tógáil na samplaí ó ghainní bradán fiáin ríthábhachtach chun faisnéis ábhartha a bhailiú maidir le habhainn tionscnaimh bradán fiáin aonair. Dar leis an bhFionlainn, ní féidir na samplaí gainní a thógáil gan dochar a dhéanamh do na bradáin fhiáine aonair agus gan cur leis an riosca go mbeadh básmhaireacht ard i ndán do na bradáin aonair a scaoiltear saor.

(22) An 14 Bealtaine 2024 chuir an Coimisiún an Fhionlainn ar an eolas go raibh amhras air, i bhfianaise na comhairle ó CETEI i mí an Mhárta 2024, go raibh údar maith leis an leibhéal rannpháirtíochta sa taighde leasaithe ar fhorais eolaíocha. Fiú dá laghdófaí an líon soithí atá rannpháirteach sa taighde leasaithe ó 45 shoitheach go 32 shoitheach, níor tuaradh aon laghdú comhchosúil maidir leis an líon bradán a raibh coinne lena ngabháil. Chuir an Coimisiún in iúl don Fhionlainn freisin go raibh amhras air nár cheart scaoileadh saor na mbradán arna ngabháil a mheas mar rogha mhalartach. Dá bhrí sin, d’iarr an Coimisiún ar an bhFionlainn an gealltanas taighde ‘a rachadh thar an méid a measann CETEI go bhfuil údar cuí leis ar fhorais eolaíocha’ a chur siar go dtí go bhfaighfí comhairle maidir leis an taighde leasaithe ó CETEI ag an gcéad chruinniú iomlánach eile dá chuid i mí Iúil 2024.

(23) An 24 Bealtaine 2024 chuir an Fhionlainn in iúl don Choimisiún go gcuirfeadh sí dhá shoitheach dhifriúla in ionad dhá cheann de na 32 shoitheach tráchtála rannpháirteacha faoi bhratach na Fionlainne. Ina theannta sin, mhaígh an Fhionlainn an méid seo a leanas: (i) 'an dara measúnú a rinne CETEI, ar measúnú cúlghabhálach é, níl sé i gcomhréir le hAirteagal 25.1 (e) [de Rialachán (AE) 2019/1241] ná leis an gceanglas maidir leis an gCoimisiún a chur ar an eolas 3 mhí ar a laghad roimh ré. Ní cheanglaítear measúnú athnuaite den sórt sin i dtuarascáil 24-01 ó CETEI ach an oiread'; (ii) bheadh sé 'míthráthúil' fanacht leis an dara comhairle ó CETEI i mí Iúil toisc 'go mbeidh na bradáin a bhíonn ag aistriú tar éis dul thar na limistéir chósta i bhforanna 29T agus 30 cheana féin i lár mhí Iúil agus go mbeidh an t-iascach eolaíoch bradán críochnaithe a bheag nó a mhór.'; (iii) 'gurbh é thart ar 6 000-9 000 aonán a bhí sa ghabháil bradán in 2019-2022 i bhforanna 29T agus 30, a raibh thart ar 70 % díobh fiáin (4 200-6 300). Dá bhrí sin, tá gabháil réamh-mheasta 2 550 bradán fiáin san iascach eolaíoch i bhfad níos lú ná gnáthiascach iomlán' agus (iv) 'fad agus meáchan bradán fiáin beo a thomhas agus a ngnéas a chinneadh agus go háirithe méid leordhóthanach gaillí a bhaint díobh agus iad a scaoileadh saor ina dhiaidh sin, is cosúil gur sárú é an méid sin ar Airteagal 3(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/1296 ([7]) ón gCoimisiún lena gceanglaítear scaoileadh saor láithreach na mbradán atá le haischur (scaoileadh saor) agus ní bheadh sé i gcomhréir lenár reachtaíocht maidir le leas ainmhithe. (...) Ina theannta sin, ní cheadaítear leis an Rialachán thuasluaite bradáin a scaoileadh saor ó eangacha seasmhacha'.

(24) An 27 Bealtaine 2024 thosaigh an Fhionlainn ar an taighde leasaithe a dhéanamh le 32 shoitheach tráchtála.

(25) An 14 Meitheamh 2024 d'iarr an Coimisiún ar an bhFionlainn déanamh an taighde leasaithe a chur ar fionraí go dtí go bhfaighfí comhairle maidir leis an taighde sin ó CETEI ag an gcéad chruinniú iomlánach eile a bheadh aige i mí Iúil 2024.

(26) An 20 Meitheamh 2024 chuir an Fhionlainn in iúl don Choimisiún nach gcuirfeadh sí déanamh an taighde leasaithe ar fionraí toisc, de réir na Fionlainne: 'gur ullmhaíodh an t-iascach eolaíoch agus forálacha ábhartha CBI á gcomhlíonadh go hiomlán'; agus (ii) 'gur léir go bhfuil easpa sonraí ann maidir le tionscnamh na mbradán fiáin i ngabháil ár n-iascach cósta. Tá gá le sonraí maidir le tionscnamh na mbradán chun cinntí a dhéanamh amach anseo maidir le hiascaigh bradán a bhainistiú agus chun breithniú a dhéanamh ar bhearta caomhnaithe a d'fhéadfadh a bheith ann do phobail níos laige bradán'.

2.4. *An 76ú cruinniú iomlánach de CETEI i mí Iúil 2024*

(27) Sa 76ú cruinniú iomlánach a bhí aige ón 8 go dtí an 12 Iúil 2024 ([8]), dheimhnigh CETEI nach raibh údar leis an leibhéal rannpháirtíochta sa taighde leasaithe ar na forais eolaíocha seo a leanas.

(28) Ar an gcéad dul síos, thug CETEI dá aire gurb é a bhí i gceist leis an leibhéal rannpháirtíochta 'thart ar 50 % de na soithí uile a úsáideadh in iascach tráchtála bradán sa limistéar in 2022-2023' agus 'go mbeadh an ghabháil iomlán fós gar do 70 % den ghabháil 5 300 bradán a tuairiscíodh ón limistéar le linn shéasúr iascaireachta 2022.'

(29) Ar an dara dul síos, thug CETEI dá aire go mbeidh 'sampláil eolaíoch in oird mhéadaíochta atá níos lú ná an iascaireacht tráchtála' ach 'go mbeidh na gabhálacha a bhfuil coinne leo chomh hard le 70 % de ghabhálacha tráchtála sna blianta roimhe sin'.

(30) Ar an tríú dul síos, ní dhearna an Fhionlainn ach '394 aonán a shampláil in AU 3 in 2023 (99 in Sd 29 agus 295 in Sd 30- ICES 2024a)'.

(31) Ar an gceathrú dul síos, 'tá cuspóirí an iascaigh eolaíoch a iarradh fós doiléir'.

(32) Ar an gcúigiú dul síos, 'tá an bhásmhaireacht iarscaoilte saor a d'fhéadfadh a bheith ann mar gheall ar na nósanna imeachta samplála níos ísle ná básmhaireacht 100 % na gabhála a choinnítear ar bord agus a thugtar i dtír'.

([7]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/1296 ón gCoimisiún an 28 Feabhra 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/1139 i dtaca le díolúine ó chur i bhfeidhm na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír a mhéid a bhaineann le bradáin i Muir Bhailt le haghaidh na tréimhse 2024–2026 (IO L, 2024/1296, 7.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2024/1296/oj).

([8]) CETEI – an 76ú Tuarascáil Iomlánach (STECF-PLEN-2024-02), Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2024, lch. 133.

2.5. *Malartuithe leis an bhFionlainn tar éis an 76ú cruinniú iomlánach de CETEI i mí Iúil 2024*

(33) I bpreaseisiúint an 4 Meán Fómhair 2024 ([9]) agus i litir chuig an gCoimisiún an 2 Deireadh Fómhair 2024 chuir an Fhionlainn in iúl gur ghabh na soithí atá rannpháirteach sa taighde leasaithe 3 162 aonán de bhradáin san iomlán. Tá an figiúr sin comhsheasmhach leis na sonraí oifigiúla gabhála a thuairiscigh an Fhionlainn i gCóras Tuairiscithe Díchill agus Gabhála an Choimisiúin.

(34) An 18 Feabhra 2025 chuir an Coimisiún an Fhionlainn ar an eolas i litir go raibh sé ar intinn aige asbhaint 3 162 aonán de bhradáin sa phríomh-imchuach a ghlacadh ó chuóta na Fionlainne atá ar fáil in 2025 le haghaidh an stoic sin, de bhun Airteagal 105(1) agus (2) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.

(35) An 3 agus an 6 Márta 2025 reáchtáladh cruinnithe idir an Coimisinéir um an Iascach agus na hAigéin, Aire Talmhaíochta agus Foraoiseachta na Fionlainne agus údaráis na Fionlainne chun an t-ábhar a phlé.

(36) An 7 Márta 2025 sheol an Fhionlainn a barúlacha maidir le litir an 18 Feabhra 2025. Ar an gcéad dul síos, cheistigh an Fhionlainn an bunús dlí leis an asbhaint atá beartaithe, agus mhaígh sí 'go bhfuil bunús dlí Airteagal 105(1) agus (2) de Rialachán (AE) Uimh. 1224/2009 neamhbhailí ós rud é gurb é 11 519 mbradán a bhí i ngabháil bradán na Fionlainne in 2024 agus, dá bhrí sin, nár sháraigh an Fhionlainn a cuóta le haghaidh bradán arb é atá ann 16 661 bhradán.' Ar an dara dul síos, mhaígh an Fhionlainn go raibh an taighde leasaithe 'go hiomlán i gcomhréir leis an gcomhairle ó CETEI ó chruinniú iomlánach 24-01 dá chuid i mí an Mhárta agus le hAirteagal 25 de Rialachán (AE) 2019/1241, lena leagtar síos na rialacha mionsonraithe maidir leis an iascach eolaíoch, lena n-áirítear an chomhairle ó CETEI.' Ar an tríú dul síos, cheistigh an Fhionlainn an bunús dlí leis an gcomhairle ó CETEI i mí Iúil 2024, agus mhaígh sí 'nach n-áirítear i bhfoclaíocht Rialachán (AE) 2019/1241 an fhéidearthacht an dara comhairle, comhairle thar téarma, a iarraidh ar CETEI'.

3. **Anailís mhionsonraithe**

(37) Ar na cúiseanna a leagtar amach thíos, tagann an Coimisiún ar an gconclúid seo a leanas: (i) ní dhearnadh an taighde leasaithe i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 25 de Rialachán (AE) 2019/1241; agus mar thoradh air sin, (ii) níor comhlíonadh na coinníollacha maidir le cur i bhfeidhm an mhaolaithe a leagtar amach i dTábla 8, fonóta 2, an dara mír, den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/2638.

3.1. *Taighde leasaithe na Fionlainne i bhfianaise na gcoinníollacha a leagtar amach in Airteagal 25 de Rialachán (AE) 2019/1241*

(38) Ní dhearnadh taighde leasaithe na Fionlainne i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 25 de Rialachán (AE) 2019/1241 ar na cúiseanna seo a leanas.

(39) Ar an gcéad dul síos, sa chomhairle ó CETEI i mí an Mhárta 2024 (féach aithris (13) thuas), mheas sé nach raibh údar leis an leibhéal rannpháirtíochta sa taighde mar a bhí beartaithe ar dtús ar fhorais eolaíocha.

(40) Ar an dara dul síos, cé gur chuir an Fhionlainn an Coimisiún ar an eolas an 30 Aibreán agus an 24 Bealtaine 2024 gur leasaigh sí coinníollacha an taighde agus gur laghdaigh sí an leibhéal rannpháirtíochta go 32 shoitheach, ní raibh údar fós leis an leibhéal laghdaithe rannpháirtíochta ar fhorais eolaíocha. Mar a tugadh faoi deara sa chomhairle ó CETEI i mí an Mhárta 2024, níor cheart é a bheith d'aidhm ag iascach eolaíoch an t-iascach iomlán a ionsamhlú ach sampla ionadaíoch den phobal éisc a bhailiú a oireann do chuspóir na dtrialacha eolaíocha. Mar sin féin, mar a tugadh faoi deara sa chomhairle ó CETEI i mí Iúil 2024, mar thoradh ar an 32 shoitheach tráchtála bheadh gabháil iomlán ann a bheadh 'gar do 70 % den ghabháil 5 300 bradán a tuairiscíodh ón limistéar le linn shéasúr iascaireachta 2022', ach 'beidh sampláil eolaíoch in oird mhéadaíochta atá níos lú ná an iascaireacht tráchtála'. Ar an taobh eile, na 3 650 aonán de bhradáin a raibh coinne ag an bhFionlainn lena ngabháil le linn an taighde leasaithe, d'fhreagair siad do sciar a thagann faoin meánraon arb é atá ann thart ar aon trian de ghabhálacha iomlána na Fionlainne maidir le bradáin sa phríomh-imchuach a rinneadh i bhforanna 29 Thuaidh agus 30 CITM ó bhí 2019 ann ar a laghad.

([9]) Ensimmäiset tulokset lohen tieteellisestä kalastuksesta tukevat Suomen rannikkokalastuksen sallimista - ePressi.

(41) Sna litreacha uaithi an 30 Aibreán 2024, an 24 Bealtaine 2024, an 20 Meitheamh 2024 agus an 7 Márta 2025 chaith an Fhionlainn amhras ar chonclúid an Choimisiúin nach ndearnadh an taighde leasaithe i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 25 de Rialachán (AE) 2019/1241. Mar sin féin, cloíonn an Coimisiún lena chonclúid ar na cúiseanna seo a leanas:

(42) Ar an gcéad dul síos, ní raibh gá le 32 shoitheach tráchtála chun sampla ionadaíoch den phobail bradán sa phríomh-imchuach a fháil (féach aithris (40) thuas).

(43) Ar an dara dul síos, bheadh sé ina rogha mhalartach gabhálacha bradán sa phríomh-imchuach a scaoileadh saor. Is amhlaidh atá mar gheall ar na nithe seo a leanas: (i) mar a thug CETEI dá aire sa chomhairle uaidh i mí an Mhárta 2024, 'léiríodh gur níos mó ná 70 % atá in inmharthanacht bradán ó eangacha gaiste'; (ii) mar a thug CETEI dá aire sa chomhairle uaidh i mí Iúil 2024, 'tá an bhásmhaireacht iarscaoilte saor a d'fhéadfadh a bheith ann mar gheall ar na nósanna imeachta samplála níos ísle ná básmhaireacht 100 % na gabhála a choinnítear ar bord agus a thugtar i dtír'; agus (iii) níor cuireadh an Coimisiún ar an eolas faoi na forálacha de 'reachtaíocht maidir le leas ainmhithe' de chuid na Fionlainne a líomhnaítear go gcuirfidís cosc ar scaoileadh saor na mbradán arna ngabháil.

(44) Ar an tríú dul síos, bhí an Coimisiún i dteideal an dara comhairle a lorg ó CETEI, i bhfianaise an mhéid seo a leanas: (i) le hAirteagal 25(1)(e) de Rialachán (AE) 2019/1241, ceanglaítear ar Bhallstát coinníollacha aon taighde atá beartaithe a leasú de réir na comhairle ó CETEI; agus (ii) bhí amhras ar an gCoimisiún go raibh údar cuí leis an leibhéal rannpháirtíochta sa taighde leasaithe i bhfianaise na comhairle ó CETEI i mí an Mhárta 2024, agus dá bhrí sin gur leasaigh an Fhionlainn coinníollacha an taighde tosaigh dá réir.

(45) Ar an gceathrú dul síos, níor iarr an Coimisiún ar an bhFionlainn an taighde uile a chur siar go dtí go bhfuarthas an dara comhairle ó CETEI. Ina ionad sin, an 14 Bealtaine 2024, d'iarr an Coimisiún ar an bhFionlainn déanamh aon taighde 'a rachadh thar an méid a measann CETEI go bhfuil údar cuí leis ar fhorais eolaíocha' a chur siar de réir chomhairle mhí an Mhárta 2024.

3.2. *Taighde leasaithe na Fionlainne i bhfianaise na gcoinníollacha maidir le cur i bhfeidhm an mhaolaithe a leagtar amach i dTábla 8, fonóta 2, an dara mír, den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/2638*

(46) Ar na cúiseanna a leagtar amach thíos, sháraigh an Fhionlainn an cuóta iascaireachta a chionroinneadh uirthi le Tábla 8 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/2638 maidir le bradáin sa phríomh-imchuach le haghaidh na bliana 2024.

(47) Ar an gcéad dul síos, i gcomhréir le Tábla 8, fonóta 2, an chéad mhír, den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/2638, níor bhain cuóta na Fionlainne maidir le bradáin sa príomh-imchuach ach le foghabhálacha amháin agus níor ceadaíodh aon iascaireacht dhírithe, mura rud é gur comhlíonadh ceachtar den dá mhaolú dá bhforáiltear sa dara nó sa tríú mír d'fhonóta 2.

(48) Ar an dara dul síos, ní fhéadfadh an taighde leasaithe tairbhe a bhaint as an maolú le haghaidh iascach dírithe dá bhforáiltear i dTábla 8, fonóta 2, an dara mír, den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/2638. Go deimhin, mar a mhínítear faoi Roinn 3.1 thuas, ní dhearnadh an taighde leasaithe i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 25 de Rialachán (AE) 2019/1241.

(49) Ar an tríú dul síos, ní fhéadfadh an taighde leasaithe tairbhe a bhaint as an maolú le haghaidh iascach dírithe dá bhforáiltear i dTábla 8, fonóta 2, an tríú mír, den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/2638 ach an oiread. Ní raibh an maolú sin infheidhme ach amháin i bhForoinn 31 CITM, ach rinneadh an taighde leasaithe i bhforanna 29 Thuaidh agus 30 CITM.

(50) Dá bhrí sin, aon iascaireacht dhírithe bradán sa phríomh-imchuach a rinne an Fhionlainn i bhforanna 29 Thuaidh agus 30 CITM in 2024, sháraigh sí an cuóta a cionroinneadh ar an bhFionlainn le Tábla 8 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/2638. Mar sin féin, mar a mhínítear faoi Roinn 2.5 thuas, ghabh na soithí a bhí rannpháirteach sa taighde leasaithe 3 162 aonán de bhradáin san iomlán go díreach.

3.3. *Asbhaint ón gcuóta iascaireachta arna chionroinnt ar an bhFionlainn in 2025 de dheasca na ró-iascaireachta in 2024*

(51) De bhun Airteagal 105(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, i gcás ina bhfuil sé suite ag an gCoimisiún go bhfuil Ballstát tar éis na cuótaí iascaireachta a cionroinneadh air a shárú, tá an Coimisiún le hasbhaintí a oibriú ó chuótaí iascaireachta a bheidh ag an mBallstát sin amach anseo. Foráiltear le hAirteagal 105(2) den Rialachán sin, i gcás ina

ndéantar ró-iascaireacht ar chuóta, ar chionroinnt nó ar sciar de stoc nó de ghrúpa stoc atá ar fáil do Bhallstát i mbliain ar leith, go bhfuil an Coimisiún le hasbhaintí a oibriú an bhliain nó na blianta dár gcionn ó chuóta, ó chionroinnt nó ó sciar bliantúil an Bhallstáit a rinne an ró-iascaireacht.

(52) Le Rialachán (AE) 2024/2903, déantar cuóta iascaireachta 8 989 n-aonán de bhradáin sa phríomh-imchuach a chionroinnt ar an bhFionlainn le haghaidh 2025. Is é sin an stoc céanna ar sháraigh an Fhionlainn a cuóta ina leith le haghaidh 2024.

(53) I gcomhréir le pointe 1, an chéad fhomhír, de Threoirlínte an Choimisiúin maidir le cuótaí a asbhaint faoi Airteagal 105(1), (2) agus (5) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ([10]), ba cheart iomlán na hasbhainte a bheith dlite sa bhliain tar éis na ró-iascaireachta. Is iomchuí, dá bhrí sin, asbhaintí ón gcuóta a oibriú le haghaidh an stoic sin a cionroinneadh ar an bhFionlainn in 2025.

(54) I gcomhréir le hAirteagal 105(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, tá na hasbhaintí sin le hoibriú trí na fachtóirí iolraithe a leagtar amach ann a chur i bhfeidhm. I gcomhréir le hAirteagal 105(2), an dara habairt, ba cheart feidhm a bheith ag fachtóir iolraithe atá cothrom le 1,00 toisc gur lú ná 100 tona meáchan 3 162 aonán de bhradáin sa phríomh-imchuach.

4. **Conclúid**

(55) Is iomchuí, dá bhrí sin, 3 162 aonán de bhradáin a asbhaint ón gcuóta le haghaidh bradáin sa phríomh-imchuach a chionroinntear ar an bhFionlainn le Rialachán (AE) 2024/2903 le haghaidh 2025,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

An cuóta iascaireachta le haghaidh bradáin Atlantacha (*salmo salar*) in uiscí an Aontais i bhforanna 22 go 31 CITM a chionroinntear ar an bhFionlainn le Rialachán (AE) 2024/2903 le haghaidh 2025, laghdófar é mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an seachtú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 30 Aibreán 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([10]) Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le treoirlínte i ndáil le hasbhaintí cuótaí faoi Airteagal 105(1), (2) agus (5) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, agus a chuirtear in ionad Theachtaireacht 2012/C 72/07 2022/C 369/03 (IO C 369, 27.9.2022, lch. 3).

Ballstát	Cód speicis	Cód limistéir	Ainm an speicis	Ainm an limistéir	Cuóta tosaigh 2024 (de réir líon na n-iasc aonair) le haghaidh foghabhálacha amháin, seachas iascaigh a dhéantar (i) go heisiach le haghaidh imscrúduithe eolaíocha i gcomhréir le hAirteagal 25 de Rialachán (AE) 2019/1241; (ii) in uiscí cósta fhoroinn 31 CITM laistigh de cheithre mhuirmhíle ó na bonnlínte agus ón 1 Bealtaine go dtí an 31 Lúnasa 2024	Cuóta oiriúnaithe 2024 (de réir líon na n-iasc aonair) ([1]) le haghaidh foghabhálacha amháin, seachas iascaigh a dhéantar (i) go heisiach le haghaidh imscrúduithe eolaíocha i gcomhréir le hAirteagal 25 de Rialachán (AE) 2019/1241; (ii) in uiscí cósta fhoroinn 31 CITM laistigh de cheithre mhuirmhíle ó na bonnlínte agus ón 1 Bealtaine go dtí an 31 Lúnasa 2024	Gabhálacha iomlána 2024 (de réir líon na n-iasc aonair)	Ró-iascaireacht mar thoradh ar ghabhálacha neamhcheadaithe (de réir líon na n-iasc aonair)	Fachtóir iolraithe ([2])	Fachtóir iolraithe breise ([3])	Asbhaintí ón gcuóta atá le cur i bhfeidhm le haghaidh 2025 (de réir líon na n-iasc aonair)
FI	SAL	3BCD-F	An bradán Atlantach	Uiscí an Aontais i bhforanna 22-31 CITM	13 945	16 661	11 519	3 162	1,00	/	3 162

([1]) Na cuótaí atá ar fáil do Bhallstát de bhun na Rialachán ábhartha maidir le deiseanna iascaireachta tar éis malartuithe deiseanna iascaireachta a chur san áireamh i gcomhréir le hAirteagal 16(8) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1380/oj), aistrithe cuótaí ó 2023 go 2024 i gcomhréir le hAirteagal 4(2) de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 ón gComhairle an 6 Bealtaine 1996 lena dtugtar isteach coinníollacha breise maidir le TACanna agus cuótaí a bhainistiú ó bhliain go bliain (IO L 115, 9.5.1996, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1996/847/oj) agus le hAirteagal 15(9) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 nó ath-chionroinnt agus asbhaint deiseanna iascaireachta i gcomhréir le hAirteagail 37 agus 105 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.

([2]) De réir mar a leagtar amach in Airteagal 105(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009. Beidh feidhm ag asbhaint atá cothrom leis an ró-iascaireacht * 1,00 sna cásanna uile ina bhfuil an ró-iascaireacht cothrom le 100 tona nó níos lú ná sin.

([3]) De réir mar a leagtar amach in Airteagal 105(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 agus ar choinníoll go sáraíonn méid na ró-iascaireachta 10 %.